II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/865 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Feabhra 2023

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/907 a mhéid a bhaineann leis na deimhnithe inniúlachta agus na cáilíochtaí gairmiúla i mBallstáit áirithe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla ([1]), agus go háirithe Airteagal 49b(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Bunaíodh Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI) le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) mar uirlis leictreonach arna soláthar ag an gCoimisiún chun comhar riaracháin a éascú i measc ghníomhaithe IMI.

(2) I réimse an aitheantais do cháilíochtaí gairmiúla, ceanglaítear le hAirteagal 56 de Threoir 2005/36/CE ar údaráis inniúla an Bhallstáit óstaigh agus an Bhallstáit baile úsáid a bhaint as IMI chun críocha comhair riaracháin.

(3) Rinneadh tuilleadh forbartha ar IMI chun go mbeidh na húdaráis náisiúnta in ann deimhnithe inniúlachta teagascóirí sciála a tugadh isteach le hAirteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/907 ón gCoimisiún ([3]) a eisiúint. Dá bhrí sin, an ceanglas faoi Airteagal 8(3) den Rialachán Tarmligthe sin go mbeadh ag gabháil leis an deimhniú inniúlachta greamán a bheadh le greamú de chárta náisiúnta an teagascóra sciála, tá an ceanglas sin imithe i léig. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/907 a leasú chun ceanglas a dhéanamh d'úsáid IMI chun deimhnithe inniúlachta a eisiúint do theagascóirí sciála agus chun an tagairt do ghreamán a scriosadh.

(4) De bharr tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas agus deireadh na hidirthréimhse dá bhforáiltear sa Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ([4]), ní féidir aon fhianaise ar cháilíochtaí foirmiúla, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (c), de Threoir 2005/36/CE, a eisiúint sa Ríocht Aontaithe ón 1 Eanáir 2021. Mar sin féin, tá fianaise ar cháilíochtaí foirmiúla a bronnadh roimh an 1 Eanáir 2021 fós bailí.

([1]) IO L 255, 30.9.2005, Lch. 22.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2008/49/CE ón gCoimisiún ("Rialachán IMI")(IO L 316, 14.11.2012, Lch. 1).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/907 ón gCoimisiún an 14 Márta 2019 lena mbunaítear an Triail Chomhchoiteann Oiliúna do theagascóirí sciála faoi Airteagal 49b de Threoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haitheantas a thabhairt do na cáilíochtaí gairmiúla (IO L 145, 4.6.2019, Lch. 7).

([4]) IO C 384 I, 12.11.2019, Lch. 1.

(5) Saoránaigh den Aontas a bhfuil cáilíochtaí acu a eisíodh roimh an 1 Eanáir 2021 sa Ríocht Aontaithe, tá siad incháilithe an triail chomhchoiteann oiliúna a shuí.

(6) Chun go mbeidh níos mó solúbthachta ann, ba cheart aon eintiteas inniúil i mBallstát, ar eintiteas é a liostaítear in Iarscríbhinn I a bheith in ann faisnéis a chlárú in IMI. De ghnáth, ba cheart gurb é sin an t-eintiteas inniúil atá freagrach as an triail chomhchoiteann oiliúna, lena n-áirítear cásanna ina bhfaighfear iarraidh ó shaoránach den Aontas a bhfuil cáilíochtaí aige a eisíodh roimh an 1 Eanáir 2021 sa Ríocht Aontaithe, ach féadfaidh aon eintiteas inniúil eile a bheith ann, mar shampla i gcás cearta faighte, lena n-áirítear cásanna ina bhfaighfear iarraidh ó shaoránach den Aontas a bhfuil cáilíochtaí aige a eisíodh roimh an 1 Eanáir 2021 sa Ríocht Aontaithe.

(7) D'iarr an Fhionlainn "Institiúid Spóirt Vuokatti" a bhaint d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/907, ós rud é nach mbronnann an t-eintiteas sin an cháilíocht Leibhéal 3 don Fhionlainn a liostaítear san Iarscríbhinn sin.

(8) Tá inniúlacht eisiach ag Réigiúin agus Cúigí Féinrialaitheacha Trento agus Bolzano an cháilíocht "Maestro di Sci" a dhámhachtain agus féadfaidh siad í a tharmligean chuig na heintitis Iodálacha eile a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/907.

(9) Bunaíodh an "Lithuanian Snowsports Instructors Association" in 2018. Bronnann sé an cháilíocht "Ski instructor Level 4". Ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/907 a leasú chun an cháilíocht sin a léiriú agus, dá bhrí sin, a áirithiú gur féidir le teagascóirí sciála a bhfuil an oiliúint chomhfhreagrach curtha i gcrích go rathúil acu tairbhe a bhaint as an Triail Chomhchoiteann Oiliúna. Ar an taobh eile, d'iarr an Liotuáin go mbainfí an National Russian League of Instructors (NRLI) den Iarscríbhinn sin.

(10) Ós rud é nach bhfuil an British Association of Snow sport Instructors (BASI), a liostaítear mar eintiteas inniúil don Ríocht Aontaithe, inniúil a thuilleadh chun an triail chomhchoiteann oiliúna a eagrú, ba cheart é a léiriú in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/907.

(11) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/907 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/907 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Teagascóirí sciála a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo agus ar éirigh leo sa triail chomhchoiteann oiliúna nó a bhfuil cearta faighte acu de bhun Airteagal 7 den Rialachán seo, eiseofar deimhniú inniúlachta dóibh trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI) arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012. Beidh an deimhniú i bhfoirm cruthúnas ar thriail chomhchoiteann oiliúna agus is eintiteas inniúil i mBallstát a eiseoidh é.";

(b) scriostar mír 3;

(2) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Feabhra 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn I, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/907, leasaítear an tábla mar a leanas:

(1) san iontráil a bhaineann leis an bhFionlainn, scriostar an dara fleasc sa tríú colún;

(2) san iontráil a bhaineann leis an Iodáil, cuirtear isteach an fhleasc seo a leanas sa tríú colún:

"— Regioni e le Province autonome di Trento e Bolzano";

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Liotuáin:

"An Liotuáin	Ski instructor Level 4	Lithuanian Snowsports Instructors Association (LSIA)";

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil na Ríochta Aontaithe:

"An Ríocht Aontaithe	Alpine Level 4 — International Ski Teacher Diploma*	BASI — British Association of Snowsport Instructors**"

(5) cuirtear na nótaí seo a leanas isteach:

"Nótaí:

* Arna eisiúint roimh an 1 Eanáir 2021.

** Ón 1 Eanáir 2021, níl BASI inniúil a thuilleadh an triail chomhchoiteann oiliúna a eagrú.".